V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11130 – SONAE / BKCF / BKSA / UNIVERSO IME / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 280/02)

1. An 3 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sonae SGPS, S.A. ('Sonae', an Phortaingéil), atá faoi rialú Efanor Investimentos, SGPS, SE ('Efanor', an Phortaingéil),

— Bankinter Consumer Finance, E.F.C., S.A. ('BKCF', an Spáinn), atá faoi rialú Bankinter S.A. ('BKSA', an Spáinn),

— Universo IME S.A. ('Universo IME', an Phortaingéil), atá faoi rialú Sonae,

— Universo GC — Gestão e Consultoria, S.A. ('Universo GC', an Phortaingéil), atá faoi rialú Sonae.

Gheobhaidh Sonae agus BKCF Europa rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Universo IME. Tabharfaidh Sonae Universo GC ina iomláine do Universo IME.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Sonae gníomhach go príomha i miondíol bia agus neamhbhia sa Phortaingéil, agus tá gníomhaíochtaí aige freisin in earnálacha lena n-áirítear airgeadas agus árachas tomhaltóirí, réadmhaoin, cumarsáid leictreonach, agus TF,

— Tá BKCF gníomhach den chuid is mó i soláthar seirbhísí baincéireachta miondíola sa Spáinn agus sa Phortaingéil. Soláthraíonn sé freisin seirbhísí baincéireachta corparáideacha agus infheistíochta, bainistíocht sócmhainní, bainistíocht cistí pinsin, seirbhísí infheistíochta, árachas agus cártaí íocaíochta,

— Tá Universo IME ag gabháil do sheirbhísí íocaíochta le tomhaltóirí, idirghabháil chreidmheasa d'iasachtaí tomhaltóirí arna ndeonú ag tríú páirtithe, agus seirbhísí fála ceannaí do mhiondíoltóirí,

— Soláthraíonn Universo GC seirbhísí bainistíochta agus margaíochta agus feidhmíonn sé mar idirghabhálaí árachais do chineálacha éagsúla árachais, lena n-áirítear árachas cosanta creidmheasa do thomhaltóirí.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11130 – SONAE / BKCF / BKSA / UNIVERSO IME / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.